AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 10. Uim. 8. Aoine, 19ú Feabra. 1965.

EAGARFOCAL. 19-2-1965.

SEASAIMÍS AR ÁR GCEARTA

TARÉIS A ĊUAIRT GO BÉAL FEIRSTE, dúirt an Taoiseaċ: Ní féidir le rudaí a ḃeiṫ mar an gcéanna ċoíċe arís. Agus b'ḟíor dó. Sé a ḋalta sin é le cúrsaí na Gaeilge agus na hAṫḃeoċána taréis ḟoilsiú an Páipéar Ḃáin. Ní ḃeiḋ siad mar a céile ċoíċe arís.

TÁ NEALLTA TROMA ÓS CIONN NA GAELTAĊTA, agus i gcroíṫe luċt aṫḃeoċána. Agus seans go ḃfuil cúis ṁaiṫ leis. Tá amras mór ar ḋaoine smaointeaċa, an ḃfuil aon bunús leis an ċuspóir atá curṫa síos san réaṁrá don Ṗáipéar Bán. Aċ, san am ċéanna, d'ḟéadfaḋ sé go ḃfuil daoine ḋáiríriḃ fán ċuspóir sin. Tá rud aṁáin áfaċ, cinnte, tá aṫrú mór. Aṫrú bunúsaċ i móḋ na h-aṫḃeoċána, agus mairfiḋ an t-aṫrú sin.

ṪÁINIG AN T-AṪRÚ AR TÚS i dTuarascail an Ċoimisiúin, agus mar adúramar, ċeana is appeasement, agus appeasement b'ḟéidir, den ċuid is measa a bí i dTuarascáil an Ċoimisiúin ó'n tús. Tá níos mó den appeasement sin insan Ṗáipéar Ḃán. Oiread de, agus naċ ḃfuil aon rud fágṫa ag ain-Ġaeil le troid ina éadan.

ĊREID ROOSEḂELT TRÁ, DÁ NDÉANTAÍ SÁSAṀ IOMLÁN ar Stalin go ḃféadfaḋ sé fear uasal Críostaí a ḋéanaṁ de. Ḃí sé meallta. B'ḟéidir go ḃféadfaḋ sé a ṫárlú taréis gaċ rud is áil leo a ṫabairt do na h-ain-Ġaeil a nglaoitear "Seoiníní" orṫa, go mbeaḋ siad sásta, agus naċ mbeaḋ siad ċoṁ niṁneaċ in éadan a dtíre agus a dteanga féin. Aċ, tá an b'ḟéidir an ṁór. Tá sé soiléir mar sin féin, naċ mbeiḋ Gaeilge ċoṁ riaċtanaċ, nó b'ḟéidir dá aireaṁ ċor ar biṫ, in iliomad ceapaċán poiblí insan aimsir roṁainn. Tá sé lán ċoṁ soiléir go mbeiḋ daoine insan tseirḃís-poiblí, ins na boird agus ins na h-Eagrais Stáit gan tráċt ar na údaraisí áitiúla níos measa fós ná mar a bí siad, de ṫairḃe gan a ḃeiṫ inniúil ar gnó do ḋéanaṁ le Gaeilgeoirí. Atus is beag duine naċ ḃfuil ḟios aige ċoṁ h-olc agus a bí siad ċeana.

MAR SIN DE, NÍ ṀISTE DO ĠAEILGEOIRÍ polasaí níos dearfaí do ġlacaḋ ċucu féin láiṫreaċ boinn, ag deiġleáil lena leiṫéid seo. Troidimís an Béarla lena n-airm féin. Tá cúpla duine dílis anseo agus ansiúd ċeana ag diúltú, agus ag seasaṁ ar prionsabail gan Béarla do aiṫint ċor ar biṫ, agus ag fulaingt dá ḃárr. B'ḟearra dóiḃ, agus do Ġaeilgeoirí dílse gaċ áit, agus do ṗobal na Gaeltaċta go h-áiṫrid plean nua do ṫarraingt ċucu. Cibé uair a tugtar foirm Béarla duit feasta, ná cás é ag éileaṁ ceann i nGaeilge agus ag cur tuilleaḋ trioblóide ort féin. Líon as Gaeilge, de réir do ḃarúil féin é. Sula síníonn tú é, cuir síos nóta — "Ní deiṁnítear aon ḟreagra ar ċeisteanna naċ ḃfuil i nGaeilge." Síniġ agus cur ċun ḃealaí é, agus in ionad an trioblóid a ḃeiṫ ortsa, fág ar luċt an Béarla é, agus beiḋ a ndóṫain trioblóide acu mar beiḋ an ḟoirm líonta agat, agus ní ḃeiḋ aon eolas deiṁniṫe ag luċt faiġte na foirme. Agus ċoṁ maiṫ leis sin, diúltaiġ an dara ḟoirm a líonaḋ má ċuirtear ċugat é. Tá daoine ann ag baint úsáide as an seift seo le fada an lá. Blianta fada ó ṡin, baineaḋ úsáid as ar ḟoirm Cánaċ Ioncum. Níor cuireaḋ an dara ḟoirm go ceann sé seaċtainí, agus ansin cuireaḋ an céad ḟoirm Gaeilge ariaṁ a ċlóḃuail Coimisinéirí Ioncaim. Is féidir an rud céanna a ḋéanaṁ le ċuile saġas cáipéis a cuirtear ċuig Gaeilgeoirí nó pobal na Gaeltaċta.

IS FÉIDIR AN RUD CÉANNA DO ṪAIRḂE Oifigeoirí de ċuile ṡaġas. Tá ionsaí á ḋéanaṁ ar ġnó tré Ġaeilge. Beiḋ an t-ionsaí sin ag éirí níos measa de réir mar cuirtear tuilleaḋ Béarlóirí i bpost, naċ ḃfuil inniúil ar gnó do ḋéanaṁ tré Ġaeilge. Seasaimís ar ár gcearta. Ná cuirfimís trioblóid orainn féin. Cuirfimís trioblóid ar na Béarlóirí. Leanfaimís ag cur na trioblóide orṫa-san go dtí go réiteóiḋ siad an ċeist tré ḋaoine atá inniúil ar gnó tré Ġaeilge a ċeapaḋ ins na postanna seo. Is cuma cé acu 'deir siad go ḃfuil an Ġaeilge riaċtanaċ nó naċ ḃfuil.

Aifreann Ġaeilge i Ḋá Ṡéipeal Gaċ Doṁnaċ

TIOCFAIḊ AN SOCRÚ NUA FÁ'N AIFREANN A ḂEIṪ I DTEANGA AN ṖOBAIL, I ḃFEIḊM AR AN ĊÉAD DOṀNAĊ DON ĊARĠAS. I NDEOISÍ GAILLIṀ, CILL MAC DUA AGUS CILL FIONÓRA.

Míneófar na h-aṫraiṫe seo i Litir Ċarġais an Easpaig, a léiġfear ar an Doṁnaċ seo ċugainn, an 21ú, agus an 28ú Feabra. Ag na hAifrinn poiblí uilig ar na Doṁantaí agus laeṫa saoire. ⁊ ins na Séipéil de na Cloċair agus Coláistí, beiḋ cuid den Aifreann insan gná ṫeanga. Sé an gná ṫeanga ná teanga ṁuinntir an ċeantair.

Mar sin de, insan Ġaeltaċt. beiḋ na coda seo den Aifreann ar fad as Gaeilge. Áit a ḃfuil Gaeilge agus Béarla ḋá labairt, ḋéanfaiḋ an Sagairt Paráiste socrú go léiġfear Aifreann insan dá ṫeanga.

I gcaṫair na Gaillime, agus i gceantar Ḃóṫar na Trá, tá Tiarna Easpag taréis a ṡocrú go mbeiḋ Aifreann a 11 a' ċlog in ḋá Séipéal ar Doṁantaí agus laeṫa saoire, i nGaeilge. Ar an ċéad Doṁnaċ den ṁí, beiḋ sé i nGaeilge insan Leas-Árd Teampall, agus insan Ṁainistir. Ar an dara Doṁnaċ do gaċ mí, i Séipéal Naoṁ Pádraig, agus Séipéal Naoṁ Ignatius. Ar an triú Doṁnaċ den ṁí i Séipéal Naoṁ Seosaṁ agus i Séipéal Naoṁ Aiḃaistín. Agus ar an ceaṫrú Doṁnaċ den ṁí, i Séipéal Críost Rí, Bóṫar na Trá, agus Naoṁ Muire, An Cladaċ.

CÉIḂ AGUS BALLA COSANTA AG PORTA CLUAIḊE

COSTAS Ó ROINN NA GAELTAĊTA AGUS COṪABAIL Ó'N COṀAIRLE

Ag cruinniú de Coṁairle Condae Ṁuiġeo Dé Saṫairn seo caite i gCaisleán an Ḃarraiġ, glacaḋ le tairiscint ó Roinn na Gaeltaċta fá ċoinne deontas iomlán fá ċoinne oibreaċa forbarṫa poirt ag Port a' Cluaiḋe.

Ḃéarfaiḋ Roinn na Gaeltaċta an t-airgead go léir, agus tá an Coṁairle Co. ċun an obair a ḋéanaṁ.

Níor ṁór don Coṁairle Co. freagarṫaċt as coṫabáil na noibreaċa do ġlacaḋ ar tús, agus bí an Coṁairle sásta sin do ḋéanaṁ.

Tógfar céiḃ réasúnta fada, 195 troiġ ar ḟad, agus 15 troiġ ar leiṫéad. Tógfar balla cosanta stoirme den faid céanna ar ṫaoḃ na gaoiṫe den ċéiḃ agus tógfar áit fascaḋ bádaí nó clós 40 x 30 troiġ le fascaḋ a ṫabairt de na badaí taoḃ istiġ den ḟalla. Ċoṁ maiṫ leis sin, déanfar bóṫar maiṫ isteaċ go dtí an ċéiḃ.

Is fada muinntir Port na Cluaiḋe ḋá iarraiḋ seo, agus mar a tuairiscíoḋ in "AMÁRAĊ" tá cúpla mí ó ṡoin. Agus arís tá cúpla seaċtain ó ṡin. scriosaḋ agus milleaḋ bádaí anseo leis an stoirm. Tá áṫas ar na h-iascairí ṫart timpeall go mbeiḋ port maiṫ acu anseo anois agus ní h-aon doċar rud beag poiblíoċt ċuige seo.

MEAN OIDEAĊAS GAELAĊ

COMPULSORY ENGLISH I ḂFEIḊM

San ḃliain 1963 ḃí 557 meán scoltaċa ins an Stáit. Meán scoltaċa lán Gaelaċ a b'ea 85 dóiḃ sin. Ḃí 63 ina raiḃ tromlaċ na n-ábar á dteagasc tré Ġaeilge ⁊ 87 eile ina raiḃ cuid de na h-ábair a dteagasc tré Ġaeilge.

Aċ is cosúil go raiḃ 322 scoltaċa in Éirinn in 1963 naċ raiḃ ag teagasc ábar ar biṫ tré Ġaeilge.

As an iomlán de 84.916 scoláirí a ḃí ag fáil meán-scolaíoċt ḃí 13,790 ag fáil a gcuid oideaċais mar ba ċóir do ḋaltaí Éireannaċa a ḟáil — tré Ġaeilge. Ḃí 9,180 a raḃ tromlaċ na n-ábar a dteagasc dóiḃ tré Ġaeilge ⁊ 60.188 eile a rabtar ag teagasc cuid de na h-ábair tré Gaeilge dóiḃ.

Aċ is cosúil go raiḃ 45,000 daltaí naċ rabṫar ag teagasc ábar ar biṫ tré Ġaeilge dóiḃ in Éirinn in 1963.

Ḃfuil Súiom Monarcan i gConamara

DEIR EOLAÍ GO ḂFUIL GAN AṀRAS

ṀÚSCAIL LITIR AN AIRE ĊUIG CUMANN ḞIANNA FÁIL BÓṪAR NA TRÁ, CUID ṀÓR CAINTE I NGAILLIṀ AGUS TAOḂ ṪIAR DE ĠAILLIṀ. GO H-ÁIṪRID AN MÉID ADÚRAḊ FAOI GANNTANAS AGUS GAN SUÍOṀ AR BIṪ A ḂEIṪ ANN AĊ TERRYLAND.

I ndreáċt bunúsaċ a scríoḃ Muiris Mac Suibne, M.I.C.E.I., Gaillim, léiríonn sé taoḃ eile ar fad den scéal.

Indiaiḋ litir an Aire a léaṁ, adeir sé. ṁeasas go raċfainn siar mé ḟéin agus cara liom le roll do learscáil ordonáis, go ḃfeicfinn an raiḃ aon rud le fáil i gConamara mar ṡuíoṁ don monarcan Alginate, gan a ḃeiṫ ró ḟada ó'n ḟarraige agus foinse uisce a ḃeaḋ réasúnta.

Tá neart loċanna, go h-áiṫrid loċanna Iorrus Mór, fríd ceantar mór de ṫalaṁ sléiḃe naċ ḃfuil cónaí ar biṫ ann, agus a ḃfuil bóiṫre maiṫe ṫart timpeall air.

Tá abantráċta ag imeaċt uaṫa ó ṫuaiḋ ó ḋeas agus siar. Tá sruṫáin idir na loċanna agus sileann an t-uisce breise óna loċanna seo ó ṫuaiḋ go dtí Loċ Beaċ Cáinín. agus ó ṡin ó ṫuaiḋ go dtí an ḟarraige. Tá sé réasúnta doiṁin agus bruaċa árda agus uisce bog glan. Tá 630 acra ins na loċanna. agus 3,000 acraí den aḃantráċt agus tá na loċanna go breá mar ionad taisce uisce.

Níor ṁór glanaḋ agus mar sin a ḋéanaṁ ar na sruṫáin atá ḋá gceangal, aċ níorḃ ḋeacair sin a ḋéanaṁ.

Dá dtugtaí an t-uisce uilig óna loċanna seo ċuig Loċ Beaċ Cáinín, beiṫfí in ann 2,000,000 galún sa lá a ṫabairt don ṁonarcan ar feaḋ 85 lá gan a ḃeiṫ ag braṫ ar fearṫain ar biṫ a ṫitim ar feaḋ an ama sin.

Dá ndéanfaí taisce ar 12 orlaí den uisce a ṫiteas insan aḃantráċt. ċoinneóḋ sé uisce leis an ṁonarcan go h-iomláin ar feaḋ na bliana go léir.

Tá suíoṁ breá do ṁonarcan insan ċeantar seo. Ní ḃeaḋ deacraċt ar biṫ le 15 acraí a ḟáil. Tá dúsraiṫe maiṫ carraige faoi, agus tá neart carraig meillte agus cloċa beaga fá ċoinne déanaṁ concréid.

D'ḟéadfaí an stroiġin a ċur ó Ġailliṁ go Cloċ na Rón ar an ḟarraige. agus níl sin aċ oċt míle ón suíoṁ.

Tá an suíoṁ féin 50 troiġ os cionn leiḃéal na farraige, agus tá an sruṫan a ṡileas fríd an suíoṁ ag tabairt uisce ó ṫrí aḃantráċt isteaċ san ḃáiġ. Tá gluaiseaċt tapaí leis an uisce, insan ċuan seo nuair atá an lánṁara ag dul amaċ, agus riṫeann an sruṫ ċoṁ - ṫreorṁar leis an ċladaḋ ṫeas ó Árd Beag go dtí Iorrus Lánmín, in aice leis an ḟarraige oscailte.

Níl aon tránna snáṁa in aice leis an gCloċán mar atá ag Boṫar na Trá agus Boṫar Grattan. Tá mórán céiḃeanna agus cuanta ar an ċósta ṫiar ó Ḃearna go dtí Rúnaċ in aice le Cluan Cairḃáin agus d'ḟéadfaí iad a úsáid mar ionaid bailiṫe do na ceantair fé leiṫ. agus na slata mara a ṫabairt ar an ġarraige ċuig an monarcan.

Níl aċ amaidí insan smaoineaṁ go ḃfuil Conamara agus Muiġeo ró ḟada ar ṡiúl óna bailte móra agus na h-iarannróid fá ċoinne cúrsaí tionsclaċ. Sé an cósta ṫiar an áit ar ċeart do ṁonarcain a ḃeiṫ. Díreaċ mar tá na feirmeaċa móra féin agus innilte ṫart ar Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Ní ag cuiṁneaṁ ar ṫaoḃ na Gaeilge ċor ar biṫ a ḃí an tUasal Mac Suibne ag scríoḃ an dreáċt seo go bunaí i mBéarla, aċ ar ċúrsaí eacnamiceaċ agus leas na tíre.

MOLAḊ DAR DTUAIRSCEOIR POILAITICIÚL

'IS SAĠAS BACKBENCHER GAEILGE É, FEARFEASA" ADEIRTEAR IN EAGRÁN NA MÍOSA SEO DE "AGUS."

I ndreaċ ar Polaitíoċt ann, deireann Risteárd Ó Glaisne, gur suaraċ go leor a ḃfuil le fáil de ṫráċt oscailte eolasaċ ar an ṗolaitíoċt in Éirinn, ṫuaiḋ nó ṫeas. i mBéarla nó i nGaeilge.

Léiríonn sé go ḃfuil an Irish Press ró ċlaonta, go ḃfuil na heagarḟocail níos meáiṫe insan Times agus san Independent; an tÉireannaċ Aontaiṫe; agus Aiséirí, roinnt leaṁ, cé go mbíonn eolas le fáil iontu uaireannta. Beirt ċolúnaí a ṫarraing úil orṫa féin adeir sé. ab ea Proinnsias Mac Aonġusa, san Sunday Independent agus backbencher san Irish Times.

Is iomláine an cuntas a tugann AMÁRAĊ ar a ḃfuil ar siúl san ṗolaitíoċt ná aon ṗáipéar Gaeilge eile. adeir sé. Bíonn ciall áiriṫe den ṗolaitíoċt le sonnrú ar na h-eagarḟocal uaireannta, agus is saġas backbencher Gaeilge é Fearfeasa. Níl sé olc ċor ar biṫ.

Tá cuntas fada ann ar cúrsaí polaitíoċta in AMÁRAĊ agus sleaċta as scríḃinní Fearfeasa, agus ní cáineaḋ atá ag an Uasal Ó Glaisne air, aċ árd ṁolaḋ.